Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1418

24.5.2024

**Cinneadh Tarmligthe Uimh. 019-2024 maidir le rialacha cur chun feidhme chun faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL a láimhseáil ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**

TÁ AN COISTE RIARACHÁIN I GCÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 28 de;

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 41/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) ([1]) a chosaint, dá ngairtear 'Cinneadh Uimh. 41/2021' anseo feasta;

Ag féachaint do bheartas slándála faisnéise na Cúirte Iniúchóirí (DEC 127/15 FINAL faoi láthair) agus don bheartas rúnaicmithe faisnéise (Fógra Foirne 123/20) ([2]);

Ag féachaint do na pléití a bhí ag an gCoiste Riaracháin ag a chruinniú an 18 Márta 2024;

De bhrí go bhfuil feidhm ag Cinneadh Uimh. 41/2021 maidir leis na ranna ar fad sa Chúirt Iniúchóirí agus maidir le háitreabh na Cúirte Iniúchóirí;

De bhrí go bhforálann Airteagal 1(3) de Chinneadh Uimh. 41/2021 go ndéanfar socruithe le haghaidh na ndaoine sin ar fhoireann Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a mbeidh gá acu le rochtain ar FRAE ar leibhéil níos airde, agus gur féidir leo na doiciméid i dtrácht a rochtain in áitribh oiriúnacha in institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais;

De bhrí go bhforálann Airteagail 1(3) agus 5(6) de Chinneadh Uimh. 41/2021 gur féidir leis an gCúirt Iniúchóirí comhaontú ar leibhéal seirbhíse a thabhairt i gcrích le hinstitiúid eile de chuid an Aontais i Lucsamburg chun bheith in ann faisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde a láimhseáil agus a stóráil i Limistéar Daingnithe den institiúid sin, agus gur síníodh Meabhrán Tuisceana leis an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil sa Choimisiún an 25/09/2023 maidir le húsáid an limistéir daingnithe atá ag an stiúrthóireacht slándála i Lucsamburg;

De bhrí go bhfuil bearta slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) a chosaint le linn a saolré le bheith i gcomhréir go háirithe lena rúnaicmiú slándála;

De bhrí go gcaithfidh bearta slándála chun cosaint a thabhairt do rúndacht, ionracas agus infhaighteacht faisnéise a chuirtear in iúl do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a bheith iomchuí maidir le nádúr agus cineál na faisnéise atá i gceist;

De bhrí go bhfuil sé ina cheanglas de réir Airteagal 3(3) de Chinneadh Uimh. 41/2021 go bhfuil FRAE le cosaint le bearta slándála fisiciúla, agus go ndéanfar faisnéis a rúnaicmítear ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó níos airde a chosaint le bearta um shlándáil phearsanra freisin;

De bhrí go bhforálann Airteagal 10(10) de Chinneadh Uimh. 41/2021 go nglacfaidh an Coiste Riaracháin cinneadh tarmligthe lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme; agus de bhun Airteagail 8(1) agus 10(1) de Chinneadh Uimh. 41/2021, go rialófar saincheisteanna amhail FRAE a láimhseáil agus a stóráil, chomh maith le sáruithe slándála, leis na rialacha cur chun feidhme sin;

De bhrí gur áirithigh an Chúirt Iniúchóirí le Cinneadh Uimh. 41/2021 go bhfuil a bearta slándála chun ardleibhéal cosanta a ráthú do FRAE coibhéiseach leis na bearta sin a bunaíodh leis na rialacha maidir le cosaint FRAE arna nglacadh ag institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile den Aontas;

De bhrí gur comhaontaíodh comhaontú riaracháin éadrom idir an Chúirt Iniúchóirí agus an Coimisiún, an Chomhairle agus SEGS agus gur tháinig an comhaontú sin i bhfeidhm an 27 Eanáir 2023,

([1]) IO L 256, 19.07.2021, lch. 106.
([2]) Ar fáil ag https://www.eca.europa.eu/ga/legal-framework.

TAR ÉIS A CHINNEADH:

*CAIBIDIL 1*

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leis an gCinneadh seo, leagtar amach na coinníollacha láimhseála d'fhaisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL ([3]) agus SECRET UE/EU SECRET ([4]) i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 41/2021 ón gCúirt Iniúchóirí.

2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis na ranna go léir sa Chúirt Iniúchóirí agus maidir le háitreabh na Cúirte Iniúchóirí. Tá feidhm aige freisin maidir le Seomraí agus Coistí na Cúirte, atá san áireamh sa téarma 'ranna' le haghaidh an Chinnidh seo.

*Airteagal 2*

**Critéir maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET**

1. Féadfar rochtain a thabhairt ar fhaisnéis atá rúnaicmithe mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET tar éis:

(a) cinneadh a ghlacach gur gá rochtain a bheith ag duine aonair ar fhaisnéis áirithe ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET d'fhonn go mbeidh an duine sin in ann feidhm ghairmiúil nó cúram gairmiúil a dhéanamh don Chúirt Iniúchóirí;

(b) an duine aonair a bheith curtha ar an eolas faoi na rialacha agus faoi na caighdeáin agus treoirlínte slándála ábhartha chun faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a chosaint;

(c) admháil a fháil, i scríbhinn, ón duine aonair i ndáil leis na freagrachtaí a thiteann ar an duine sin maidir leis an bhfaisnéis lena mbaineann a chosaint; agus

(d) imréiteach slándála a bheith faighte ag an duine aonair agus údarú don rochtain a bheith deonaithe don duine sin ag an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta sa Chúirt Iniúchóirí, ar imréiteach agus údarú iad sin a chlúdaíonn gach leibhéal suas go dtí an leibhéal ábhartha agus atá bailí go dtí dáta sonraithe, i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Chinneadh Uimh. 41/2021.

2. Ní thabharfar dualgais d'oiliúnaithe na Cúirte Iniúchóirí a cheanglaíonn orthu rochtain a bheith acu ar fhaisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET.

3. Coinneofar siar nó ceadófar rochtain do chatagóirí eile foirne i gcomhréir leis an tábla atá leagtha amach san Iarscríbhinn.

([3]) De bhun Airteagal 1(2)(a) de Chinneadh Uimh. 41/2021, ciallaíonn faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL 'faisnéis agus ábhar a bhféadfadh a nochtadh neamhúdaraithe dochar a dhéanamh do leasanna bunriachtanacha an Aontais Eorpaigh nó Ballstáit amháin nó níos mó'.

([4]) De bhun Airteagal 1(2)(a) de Chinneadh Uimh. 41/2021, ciallaíonn faisnéis ar leibhéal SECRET UE/EU SECRET 'faisnéis agus ábhar a bhféadfadh a nochtadh neamhúdaraithe dochar tromchúiseach a dhéanamh do leasanna bunriachtanacha an Aontais Eorpaigh nó Ballstáit amháin nó níos mó'.

*CAIBIDIL 2*

**FAISNÉIS AR LEIBHÉAL CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL AGUS SECRET UE/EU SECRET A CHRUTHÚ**

*Airteagal 3*

**Tionscnóir**

Cé gurb éard atá i gceist leis an tionscnóir de réir bhrí Airteagal 2(m) de Chinneadh Uimh. 41/2021 ná institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais, Ballstát, tríú stát nó eagraíocht idirnáisiúnta a bhfuil faisnéis rúnaicmithe cruthaithe agus/nó tugtha isteach i struchtúr an Aontais faoina n-údarás, ní gá gurb ionann iadsan agus dréachtóir na faisnéise CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET.

*Airteagal 4*

**Leibhéal rúnaicmithe a shannadh**

1. Déanfar doiciméad a rúnaicmiú mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL ar a laghad más rud é go bhféadfadh nochtadh neamhúdaraithe an doiciméid sin, *inter alia*:

(a) damáiste ábhartha a dhéanamh don chaidreamh taidhleoireachta, i.e. é a bheith ina chúis le hagóid fhoirmiúil nó smachtbhannaí eile;

(b) díobháil a dhéanamh do shlándáil nó do shaoirse an duine aonair;

(c) damáiste a dhéanamh d'éifeachtacht nó slándáil oibríochtúil na mBallstát nó an phearsanra imscartha atá ag rannchuiditheoirí eile, nó d'éifeachtacht oibríochtaí luachmhara slándála nó faisnéisíochta;

(d) an bonn a bhaint go substaintiúil ó inmharthanacht airgeadais mór-eagraíochtaí;

(e) bac a chur ar imscrúdú na coireachta tromchúisí nó an choireacht thromchúiseach a éascú;

(f) a bheith go mór ag cur in éadan leasanna airgeadais, airgeadaíochta, eacnamaíocha nó tráchtála an Aontais nó na mBallstát;

(g) bac tromchúiseach a chur ar fhorbairt nó oibriú mhórbheartais an Aontais;

(h) gníomhaíochtaí suntasacha an Aontais a dhúnadh síos nó a shuaitheadh go substaintiúil ar shlí éigin eile;

(i) a bheith ina chúis le faisnéis atá rúnaicmithe ar leibhéal níos airde a thabhairt chun solais.

2. Déanfar faisnéis a rúnaicmiú mar SECRET UE/EU SECRET ar a laghad más rud é go bhféadfadh nochtadh neamhúdaraithe an doiciméid sin, *inter alia*:

(a) teannas idirnáisiúnta a chruthú;

(b) damáiste tromchúiseach a dhéanamh don chaidreamh le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta;

(c) a bheith ina bhagairt dhíreach don bheatha nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh don ord poiblí nó do shlándáil nó saoirse duine aonair;

(d) damáiste tromchúiseach a dhéanamh d'éifeachtacht nó slándáil oibríochtúil na mBallstát nó an phearsanra imscartha atá ag rannchuiditheoirí eile, nó d'éifeachtacht leanúnach oibríochtaí an-luachmhara slándála nó faisnéisíochta;

(e) damáiste ábharthach substaintiúil a dhéanamh do leasanna airgeadais, airgeadaíochta, eacnamaíocha nó tráchtála an Aontais nó na mBallstát;

(f) a bheith ina chúis le faisnéis atá rúnaicmithe ar leibhéal níos airde a thabhairt chun solais.

3. Féadfaidh tionscnóirí cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal rúnaicmithe caighdeánach a shannadh do chatagóirí faisnéise a chruthaíonn siad ar bhonn rialta. Mar sin féin, déanfaidh siad a áirithiú go sannfar an leibhéal rúnaicmithe iomchuí do mhíreanna aonair faisnéise.

*Airteagal 5*

**Ag obair ar dhréachtaí**

1. Déanfar faisnéis a rúnaicmiú a luaithe a tháirgfear í. I ndáil le nótaí pearsanta, réamhdhréachtaí nó teachtaireachtaí ina bhfuil faisnéis a fhágann gur gá na nithe sin a rúnaicmiú ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET, déanfar iad a mharcáil amhlaidh ón tús, agus déanfar iad a tháirgeadh agus a láimhseáil i gcomhréir leis an gCinneadh seo.

2. Mura mbeidh an leibhéal rúnaicmithe tosaigh de dhíth a thuilleadh don doiciméad críochnaitheach, déanfar é a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú tar éis deimhniú a fháil ó thionscnóir an doiciméid go bhfuil sé sábháilte é sin a dhéanamh.

*Airteagal 6*

**Taifead den bhunábhar**

1. Ionas go bhféadfar rialú tionscnóra a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 14 anseo thíos, déanfaidh tionscnóirí doiciméad CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET, a mhéid is féidir, taifead a choimeád de gach foinse rúnaicmithe a úsáideadh chun doiciméid rúnaicmithe a tháirgeadh, lena n-áirítear mionsonraí faoi fhoinsí a tháinig ar dtús ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ó thríú tíortha. I gcás inarb iomchuí, déanfar faisnéis rúnaicmithe chomhiomlánaithe a mharcáil ar bhealach a chinnteoidh go mbeifear in ann tionscnóirí na mbunábhar rúnaicmithe a úsáideadh a shainaithint.

*Airteagal 7*

**Codanna de dhoiciméad a rúnaicmiú**

1. I gcomhréir le pointe 12 de bheartas rúnaicmithe faisnéise na Cúirte Iniúchóirí, beidh an leibhéal foriomlán rúnaicmithe a bheidh ag doiciméad ar a laghad chomh hard leis an gcomhchuid den doiciméad sin is airde atá rúnaicmithe. Nuair a chomhthiomsaítear faisnéis ó fhoinsí éagsúla, déanfar athbhreithniú ar an doiciméad comhiomlán críochnaitheach chun an leibhéal foriomlán rúnaicmithe slándála a chinneadh, ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh gá le rúnaicmiú níos airde ná rúnaicmiú a chomhchodanna a thabhairt dó.

2. Déanfar doiciméid ina bhfuil codanna rúnaicmithe agus codanna nach bhfuil rúnaicmithe a struchtúrú agus a mharcáil ar shlí a chinnteoidh gur féidir comhchodanna a bhfuil leibhéil éagsúla rúnaicmithe agus/nó íogaireachta acu a shainaithint agus a scaradh go héasca ó na comhchodanna eile. Leis sin, beifear in ann gach cuid a láimhseáil go hiomchuí nuair a bheidh sí scartha ó na comhchodanna eile.

*Airteagal 8*

**Marcáil rúnaicmithe iomlán**

1. Sa chás go bhfuil údar maith le faisnéis a rúnaicmiú, déanfar í sin a mharcáil agus a láimhseáil mar fhaisnéis den sórt sin, gan beann ar a foirm fhisiceach. Cuirfear an leibhéal rúnaicmithe in iúl go soiléir d'fhaighteoirí, trí bhíthin marcáil rúnaicmithe, más rud é go ndéantar an fhaisnéis a sheachadadh i scríbhinn (bíodh sé ar pháipéar, ar mheáin stórála inbhainte, nó i gCóras Cumarsáide agus Faisnéise (CCF)), nó trí bhíthin fógra, má dhéantar an fhaisnéis a sheachadadh ó bhéal (e.g. i gcomhrá nó i gcur i láthair). Déanfar ábhar rúnaicmithe a mharcáil go fisiceach ionas gur féidir an rúnaicmiú slándála lena mbaineann a shainaithint go héasca.

2. Maidir le doiciméid fhisiceacha, scríobhfar an mharcáil don rúnaicmiú iomlán 'CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL' nó 'SECRET UE/EU SECRET' i mbloclitreacha orthu, i bhFraincis agus i mBéarla (an Fhraincis ar dtús), i gcomhréir le mír 3. Ní aistreofar an mharcáil go teangacha eile.

3. Is mar seo a leanas a bheidh an mharcáil rúnaicmithe CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET ar an doiciméad:

(a) suite sa lár ag barr agus ag bun gach leathanaigh den doiciméad;

(b) beidh an mharcáil rúnaicmithe iomlán ar aon líne amháin, gan aon spás ar cheachtar thaobh den tulslais;

(c) i mbloclitreacha, dubh, cló *Times New Roman 16* (nuair is féidir, ach clómhéid 14 ar a laghad), trom, agus teorainn timpeall uirthi ar gach taobh.

4. Nuair a bhíonn doiciméad CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET á chruthú:

(a) déanfar gach aon leathanach a mharcáil go soiléir leis an leibhéal aicmiúcháin;

(b) cuirfear uimhir ar gach aon leathanach;

(c) beidh uimhir thagartha, uimhir chlárúcháin agus ábhar ar an doiciméad, agus ní faisnéis rúnaicmithe a bheidh sa mhéid sin mura rud é go mbeidh sé sin marcáilte amhlaidh;

(d) déanfar na hiarscríbhinní agus na hiatáin go léir a liostú ar an gcéad leathanach aon uair is féidir; agus

(e) beidh an dáta a cruthaíodh an doiciméad tugtha le fios sa doiciméad.

5. Aon uair is féidir é, is i ndearg a bheidh an mharcáil SECRET UE/EU SECRET.

*Airteagal 9*

**Na giorrúcháin 'C-UE/EU-C' agus 'S-UE/EU-S' don mharcáil rúnaicmithe**

Féadfar na giorrúcháin 'C-UE/EU-C' agus 'S-UE/EU-S' a úsáid, faoi seach, chun leibhéal rúnaicmithe codanna aonair de dhoiciméad CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a léiriú, nó i gcás nach féidir an mharcáil rúnaicmithe iomlán a chur isteach, mar shampla ar mheán stórála beag inbhainte. Féadfar é a úsáid i gcorp an téacs nuair a mheastar go bhfuil sé iomarcach an mharcáil rúnaicmithe iomlán á úsáid arís agus arís eile. Ní úsáidfear an giorrúchán in ionad na marcálacha rúnaicmithe iomlána i gceanntásc agus i mbuntásc an doiciméid.

*Airteagal 10*

**Sainitheoirí slándála eile**

1. D'fhéadfadh sé go mbeadh marcálacha eile, nó 'sainitheoirí slándála', ar dhoiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET, lena sonrófaí, mar shampla, an réimse lena mbaineann an doiciméad, nó lena léireofaí cé chuige a scaipfí an doiciméad ar bhonn riachtanais. Mar shampla:

| |
|---|
| INEISITHE DO LICHTINSTÉIN |

2. D'fhéadfadh sé go mbeidh *caveat* slándála ar dhoiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET ina dtabharfaí treoracha sonracha maidir le conas na doiciméid a láimhseáil agus a bhainistiú.

Aon uair is féidir, déanfar aon fhaisnéis faoi scaoileadh ó rúnaicmiú a thabhairt le fios ar an gcéad leathanach den doiciméad nuair a chruthaítear an doiciméad féin. Mar shampla, d'fhéadfaí an mharcáil seo a leanas a úsáid:

| |
|---|
| SECRET UE/EU SECRET<br>go dtí [ll.mm.bbbb]<br>agus beidh mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED<br>ina dhiaidh sin |

*Airteagal 11*

**Próiseáil leictreonach**

1. Cruthófar doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET trí mheán leictreonach, i gcás ina mbeidh sé sin ar fáil.

2. Nuair a bheidh faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET á chruthú, úsáidfidh foireann na Cúirte Iniúchóirí CCF creidiúnaithe atá ag freagairt, ar a laghad, don leibhéal rúnaicmiúcháin sin. Má bhíonn aon amhras ann faoin leibhéal rúnaicmiúcháin, ba chóir comhairle a lorg ón Oifigeach Slándála Faisnéise (dá ngairtear 'OSF' anseo feasta) sa Chúirt Iniúchóirí.

3. Ní dhéanfar doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET, lena n-áirítear dréachtaí (féach Airteagal 5), a sheoladh le ríomhphost, ní dhéanfar iad a phriontáil ná a scanadh ar ghnáthphrintéirí ná ar ghnáthscanóirí, ná ní láimhseálfar iad ar fheistí pearsanta atá ag daoine den fhoireann. Ní úsáidfear ach printéirí nó cóipeálaithe atá nasctha le ríomhairí neamhspleácha atá cosanta ó astaíochtaí leictreamhaighnéadacha nó atá nasctha le córas creidiúnaithe chun doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a phriontáil.

*Airteagal 12*

**Clárú ar chúinsí slándála**

1. Déanfar faisnéis atá rúnaicmithe mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a chlárú ar chúinsí slándála sula scaiptear í agus nuair a fhaightear í. Déanfar an fhaisnéis sin a chlárú:

— nuair a thagann sí isteach i Limistéar Daingnithe an Choimisiúin i Lucsamburg nó nuair a fhágann sí an limistéar sin, agus ar limistéar é sin a bhfuil Meabhrán Tuisceana tugtha i gcrích ag an gCúirt Iniúchóirí leis an gCoimisiún i dtaca lena úsáid; agus

— nuair a thagann sí isteach in CCF nó nuair a fhágann sí é.

2. Is féidir an fhaisnéis a chlárú ar pháipéar nó i logleabhair leictreonacha.

3. Más rud é go bhfuil an fhaisnéis á láimhseáil go leictreonach in CCF, d'fhéadfadh próisis laistigh den CCF féin a bheith i gceist leis an gclárú. Sa chás sin, caithfidh bearta chun sláine na dtaifead a ráthú a bheith ar áireamh sa CCF.

4. Déanfaidh an tOifigeach Rialaithe Clárlainne clár a choimeád ina mbeidh, ar a laghad, an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh gach aon doiciméid:

(a) an dáta a ndearnadh an doiciméad rúnaicmithe críochnaitheach a chlárú;

(b) an leibhéal rúnaicmiúcháin;

(c) i gcás inarb infheidhme, an dáta éaga don leibhéal rúnaicmiúcháin;

(d) ainm na roinne tionscnaimh;

(e) an faighteoir nó na faighteoirí;

(f) an t-ábhar;

(g) uimhir thagartha na roinne tionscnaimh don doiciméad;

(h) an uimhir chlárúcháin;

(i) an líon cóipeanna a tugadh amach;

(j) i gcás inarb indéanta é sin, loga de na foinsí a úsáideadh chun an doiciméad a chruthú;

(k) an dáta d'íosghrádú rúnaicmiúcháin nó do scaoileadh ó rúnaicmiú an doiciméid; agus

(l) mionsonraí don scriosadh (áit, dáta, modh, maoirseacht, deimhniú den scriosadh).

*Airteagal 13*

**Dáileadh**

1. Cinnfidh seoltóir na ndoiciméad CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET cé chucu a dháilfear an fhaisnéis, bunaithe ar a riachtanas eolais. Déanfar liosta dáileacháin a tharraingt suas chun a chinntiú go bhfuil prionsabal an 'riachtanais eolais' á chur i bhfeidhm i gceart.

*CAIBIDIL 3*

**AG OBAIR LE FAISNÉIS AR LEIBHÉAL CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL AGUS SECRET UE/EU SECRET**

*Airteagal 14*

**Rialú tionscnóra**

1. Beidh 'rialú tionscnóra' ag tionscnóir na faisnéise CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET i gcás na faisnéise sin atá cruthaithe ag an tionscnóir sin. Déanfar réamhthoiliú i scríbhinn ón tionscnóir a lorg sula bhféadfar an fhaisnéis:

(a) a scaoileadh ó rúnaicmiú nó a íosghrádú;

(b) a úsáid ar aon chúis eile seachas don chúis atá leagtha síos ag an tionscnóir;

(c) a eisiúint chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta; nó

(d) a nochtadh do pháirtí lasmuigh den Chúirt Iniúchóirí, ach laistigh den Aontas Eorpach.

2. Is éard is sealbhóirí faisnéise CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET ná daoine aonair atá údaraithe go cuí chun faisnéis rúnaicmithe a rochtain ionas go mbeidh siad in ann a ndualgais a chomhlíonadh. Is orthu atá an fhreagracht as láimhseáil, stóráil agus cosaint cheart a dhéanamh uirthi, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 41/2021. Murab ionann agus tionscnóirí faisnéise rúnaicmithe, níl údarú ag sealbhóirí cinneadh a dhéanamh maidir le faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a íosghrádú, a scaoileadh ó rúnaicmiú nó a eisiúint do dhreamanna eile.

3. Mura féidir tionscnóir faisnéise CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET áirithe a shainaithint, feidhmeoidh roinn na Cúirte Iniúchóirí a bhfuil an fhaisnéis rúnaicmithe sin aici an rialú tionscnóra. Má mheasann an sealbhóir gur gá faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a eisiúint chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, iarrfaidh an Chúirt Iniúchóirí comhairle ar cheann de na páirtithe atá sínithe suas le Comhaontú maidir le Slándáil Faisnéise leis an tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta sin ([5]).

*Airteagal 15*

**CCF atá oiriúnach le haghaidh láimhseáil faisnéise ag an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET**

1. Déanfar faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a láimhseáil agus a tharchur go leictreonach, más féidir é. I gcomhréir le hAirteagal 6 de Chinneadh Uimh. 41/2021, ní úsáidfear ach CCF agus trealamh atá creidiúnaithe ag institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht eile de chuid an Aontais, nó ag an gCúirt Iniúchóirí, lena aghaidh sin.

*Airteagal 16*

**Bearta sonracha maidir le faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET i dtaca le meáin stórála inbhainte**

1. Déanfar an úsáid a bhaintear as meáin stórála inbhainte, amhail méaróga USB, Dlúthdhioscaí, DVDanna nó cártaí cuimhne (lena n-áirítear SSDanna ([6])), a rialú go docht agus coinneofar cuntas ar an úsáid sin. Ní úsáidfear ach meáin stórála inbhainte atá curtha ar fáil ag an gCúirt Iniúchóirí nó ag institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht eile de chuid an Aontais agus atá formheasta ag an OSF, agus atá criptithe ag táirge atá formheasta ag an OSF. Ní fhéadtar meáin stórála inbhainte phearsanta ná na meáin sin a thugtar saor in aisce ag comhdhálacha, seimineáir, etc. a úsáid chun faisnéis rúnaicmithe a aistriú. I gcomhréir leis an treoir ón OSF, ba cheart meáin stórála inbhainte atá cosanta le bearta slándála TEMPEST a úsáid aon uair is féidir é.

([5]) Féach Airteagal 35 thíos chun tuilleadh mionsonraí a fháil.
([6]) Ciallaíonn SSD feiste stórála leathsheoltóra, feiste soladstaide nó diosca soladstaide.

2. I gcás ina ndéantar doiciméad rúnaicmithe a láimhseáil nó a stóráil go leictreonach ar mheáin stórála inbhainte, beidh an mharcáil don rúnaicmiú le feiceáil go soiléir ar an bhfaisnéis féin a thaispeántar, agus ar ainm an chomhaid agus ar an meán stórála inbhainte.

3. Cuirfidh daoine den fhoireann san áireamh, nuair a stóráiltear méideanna móra faisnéise rúnaicmithe ar mheáin stórála inbhainte, go bhféadfadh sé go mbeadh leibhéal rúnaicmithe níos airde le tabhairt do na feistí.

4. Is CCF atá creidiúnaithe go cuí, agus é sin amháin, a fhéadtar a úsáid chun faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a aistriú chuig nó ó mheáin stórála inbhainte.

5. Sula ndéantar faisnéis den sórt sin a íoslódáil ar mheáin stórála inbhainte, déanfar cúram ar leith chun a áirithiú nach mbeidh víris ná bogearraí mailíseacha sna meáin.

6. I gcás inarb infheidhme, láimhseálfar meáin stórála inbhainte i gcomhréir le nósanna imeachta oibríochtaí slándála a bhaineann leis an gcóras criptiúcháin a úsáidtear.

7. Déanfar doiciméid ar mheáin stórála inbhainte nach bhfuil gá leo a thuilleadh, nó atá aistrithe go CCF iomchuí, a bhaint nó a scriosadh go sábháilte trí úsáid a bhaint as táirgí nó modhanna formheasta. Mura rud é go stóráiltear ar mheáin stórála inbhainte atá sábháilte iad, déanfar iad a dhíothú nuair nach mbeidh gá a thuilleadh leo. Maidir le haon díothú nó scriosadh, déanfar an méid sin i gcomhréir le rialacha slándála na Cúirte Iniúchóirí. Coimeádfar fardal de na meáin stórála inbhainte, agus déanfar a ndíothú a chlárú.

*Airteagal 17*

**Faisnéis ag an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a láimhseáil agus a stóráil**

1. I gcomhréir le hAirteagal 5(5) agus (6) de Chinneadh Uimh. 41/2021, déanfar faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a láimhseáil i Limistéar Daingnithe ([7]). Féadfaidh daoine d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí an fhaisnéis sin a rochtain freisin i Limistéir Dhaingnithe atá in institiúidí eile de chuid an Aontais.

2. De bhun Airteagal 5(6) de Chinneadh Uimh. 41/2021, agus má bhíonn sé comhaontaithe go sonrach ag an tionscnóir, féadfar an fhaisnéis sin a láimhseáil ar bhonn eisceachta i Limistéir Riaracháin ([8]) na Cúirte Iniúchóirí, ar choinníoll go bhfuil an FRAE cosanta ar shlí nach mbeidh rochtain ag daoine neamhúdaraithe uirthi.

3. Sa chás go mbeadh géarchéim nó cás éigeandála ann, féadfar an fhaisnéis sin a láimhseáil lasmuigh de Limistéar Daingnithe nó de Limistéar Riaracháin, ar choinníoll go bhfuil sé geallta ag an sealbhóir go ndéanfar bearta cúiteacha lena n-áirítear, ar a laghad, iad seo a leanas:

— Ní dhéanfar doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a léamh in áiteanna poiblí.

— Beidh smacht pearsanta ag an sealbhóir ar an FRAE i gcónaí.

— I gcás doiciméid pháipéir, beidh fógra tugtha ag an sealbhóir don Chlárlann le haghaidh FRAE, a luaithe is féidir agus ag brath ar nádúr na géarchéime nó an cháis éigeandála, á chur in iúl go bhfuil na doiciméid rúnaicmithe á láimhseáil lasmuigh de Limistéar Daingnithe nó de Limistéir Riaracháin.

— Déanfar na doiciméid a stóráil in áit iomchuí nuair nach mbeidh siad á léamh nó á bplé.

— Dúnfar na doirse sa seomra nuair a bheidh na doiciméid á léamh nó á bplé.

— Ní fhéadfar mionsonraí an doiciméid a phlé ar an bhfón ar líne nach bhfuil daingnithe, ná i ríomhphost.

— Ní dhéanfaidh an sealbhóir fótachóip ná scanadh de na doiciméid. Is í an Chlárlann le haghaidh FRAE, agus í sin amháin, a fhéadfaidh cóipeanna breise a sholáthar.

([7]) Mar a shainítear in Airteagal 18 de Chinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).
([8]) Mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 41/2021.

— Ní fhéadfar doiciméid a láimhseáil ná a shealbhú go sealadach lasmuigh de Limistéar Riaracháin nó de Limistéar Daingnithe ach amháin chomh fada agus atá fíor-riachtanach, agus i ndiaidh na tréimhse sin tabharfar ar ais go dtí an Chlárlann le haghaidh FRAE iad.

— Nuair a thugtar ar ais na doiciméid, síneofar admháil á dhearbhú sin.

— Ní fhéadfaidh sealbhóir doiciméid atá rúnaicmithe a chaitheamh amach ná a scriosadh.

4. Déanfar faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a stóráil i Limistéar Daingnithe, bíodh sé sin i gcoimeádán slándála nó i seomra daingean.

5. Is féidir tuilleadh comhairle a lorg ón OSF.

6. Déanfar aon teagmhas slándála amhrasta nó iarbhír a bhaineann le doiciméad a thuairisciú don OSF a luaithe is féidir.

*Airteagal 18*

**Faisnéis ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a chóipeáil agus a aistriú go teanga eile**

1. Féadfar faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a chóipeáil nó a aistriú go teanga eile ar threoir ón sealbhóir, ar choinníoll nach bhfuil aon *caveat* comhaontaithe go sonrach ná forchurtha ag an tionscnóir ina leith sin. Mar sin féin, ní dhéanfar níos mó cóipeanna ná mar atá fíor-riachtanach. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí a iarraidh ar an tionscnóir cóip atá aistrithe go Béarla a sholáthar di.

2. Más rud é nach ndéantar ach cuid de dhoiciméad rúnaicmithe a atáirgeadh, beidh feidhm ag na coinníollacha céanna is a bhaineann le cóipeanna den doiciméad iomlán. Déanfar sleachta a rúnaicmiú ar an leibhéal céanna freisin, mura rud é go bhfuil siad rúnaicmithe go sonrach ag an tionscnóir ar leibhéal níos ísle nó go bhfuil siad marcáilte mar shleachta nach bhfuil rúnaicmithe ag an tionscnóir.

3. Cuirfear na bearta slándála is infheidhme maidir leis an bhfaisnéis bhunaidh i bhfeidhm freisin ar chóipeanna agus ar aistriúcháin den fhaisnéis sin.

*Airteagal 19*

**Prionsabail ghinearálta maidir le faisnéis ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a iompar**

1. A mhéid is féidir, déanfar faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET is gá a thabhairt amach lasmuigh de Limistéar Daingnithe nó de Limistéar Riaracháin i gcomhréir le hAirteagal 17(2) a sheoladh go leictreonach trí mhodhanna atá creidiúnaithe go hiomchuí agus/nó atá faoi chosaint ag táirgí cripteagrafacha formheasta.

2. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil nó ar na cúinsí ar leith, féadfar faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a iompar go fisiciúil de láimh i bhfoirm doiciméad páipéir nó ar mheáin stórála inbhainte. Tabharfar tús áite d'fhaisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a aistriú trí mheáin stórála inbhainte a úsáid thar dhoiciméid pháipéir a sheoladh.

3. I gcomhréir le hAirteagal 6(8) de Chinneadh Uimh. 41/2021, beidh na meáin stórála inbhainte criptithe trí bhíthin táirge a bheidh formheasta le haghaidh cosaint FRAE, bíodh sé sin formheasta ag an gComhairle nó ag Ardrúnaí na Comhairle, leis an gComhairle ag feidhmiú mar údarás um fhormheas táirgí cripteagrafacha, nó ag institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht eile de chuid an Aontais. Déanfar faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET atá ar mheáin stórála inbhainte nach bhfuil faoi chosaint ag táirge criptithe atá formheasta amhlaidh a láimhseáil ar an mbealach céanna le cóip pháipéir.

4. Féadfaidh níos mó ná píosa amháin d'fhaisnéis FRAE a bheith i gcoinsíneachtaí, ar choinníoll go n-urramaítear prionsabal 'an riachtanais eolais'.

5. Áiritheofar leis an bpacáistíocht a bheidh in úsáid nach mbeidh aon rud atá sa doiciméad le feiceáil. Iomprófar faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET i bpacáistíocht theimhneach, amhail clúdaigh litreach, fillteáin theimhneacha nó mála cáipéisí. Beidh an fhorphacáistíocht séalaithe agus ní bheidh aon chomhartha uirthi a thabharfaidh le fios cad go baileach atá ann ná cén leibhéal rúnaicmithe atá i gceist leis. Beidh sraith inmheánach na pacáistíochta marcáilte le CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET. Sa dá shraith, luafar ainm, teideal poist agus seoladh an fhaighteora bheartaithe, chomh maith leis an seoladh chuig a gcuirfear ar ais an doiciméad i gcás nach féidir seachadadh a dhéanamh.

6. Aon duine den fhoireann nó cúiréirí a mbíonn faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET ar iompar de láimh acu, beidh siad údaraithe chuige sin ó thaobh slándála de agus beidh deimhniú cúiréireachta eisithe dóibh.

7. Ní fhéadfar na clúdaigh litreach ná pacáistí a oscailt faoi bhealach. Maidir leis an údarú slándála a bheidh tugtha don chúiréir, ní thugann sé sin an ceart dóibh an fhaisnéis rúnaicmithe atá sa choinsíneacht a rochtain.

8. Faoi Airteagal 5(12) de Chinneadh Uimh. 41/2021, féadfaidh an tionscnóir bearta slándála fisiciúla breise a fhorchur ar mhaithe leis an bhfaisnéis a chosaint ar nochtadh neamhúdaraithe le linn iompair.

9. Aon teagmhas slándála amhrasta nó iarbhír lena mbaineann faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET atá ar iompar ag daoine den fhoireann nó ag cúiréirí, déanfar iad a thuairisciú tríd an OSF a luaithe is féidir ionas go ndéanfar imscrúdú ar an teagmhas ina dhiaidh sin.

*Airteagal 20*

**Meáin stórála inbhainte a iompar de láimh**

1. Beidh nóta tuairisce ag gabháil le meáin stórála inbhainte a úsáidtear chun faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a iompar, ina mbeidh mionsonraí faoi na meáin stórála inbhainte ina bhfuil an fhaisnéis rúnaicmithe, chomh maith leis na comhaid uile atá iontu, d’fhonn go mbeidh an faighteoir in ann na fíoruithe is gá a dhéanamh agus a dheimhniú go bhfuarthas an fhaisnéis.

2. Ní bheidh aon rud eile ach an FRAE atá á iompar stóráilte ar na feistí. Chaithfeadh an fhaisnéis rúnaicmithe uile ar fheiste aonair a bheith beartaithe don fhaighteoir céanna. Ba cheart do sheoltóirí a mheabhrú go bhféadfadh sé go mbeadh gá le leibhéal rúnaicmithe níos airde don fheiste ina hiomláine má tá méideanna móra d’faisnéis rúnaicmithe stóráilte ar an bhfeiste céanna.

3. Ní úsáidfear ach meáin stórála inbhainte a bhfuil an mharcáil rúnaicmithe iomchuí orthu chun faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a iompar.

4. Gach faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET atá sábháilte ar mheáin stórála inbhainte, beidh sí cláraithe ar mhaithe le cúrsaí slándála.

*Airteagal 21*

**Doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a iompar laistigh de ranna na Cúirte Iniúchóirí agus in áitreabh na Cúirte Iniúchóirí**

1. Féadfaidh daoine den fhoireann a bhfuil údarú slándála acu doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a iompar laistigh de ranna na Cúirte Iniúchóirí agus in áitreabh na Cúirte Iniúchóirí, ach ní fhéadfaidh na doiciméid imeacht ó sheilbh an iompróra, ná ní fhéadfar iad a léamh go poiblí.

2. Ní dhéanfar doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a sheoladh tríd an bpost inmheánach.

*Airteagal 22*

**Doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a iompar laistigh den Aontas Eorpach**

1. Féadfaidh daoine d'fhoireann nó cúiréirí ón gCúirt Iniúchóirí nó ón institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht tionscnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a iompar, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na treoracha seo a leanas:

(a) Úsáidfear clúdaigh litreach theimhneacha dúbailte nó pacáistiú teimhneach dúbailte chun faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a iompar. Beidh an fhorphacáistíocht séalaithe agus ní bheidh aon chomhartha uirthi a thabharfaidh le fios cad go baileach atá ann ná cén leibhéal rúnaicmithe atá i gceist leis.

(b) Ní fhéadfaidh faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET imeacht ó sheilbh an iompróra.

(c) Ní fhéadtar an clúdach litreach ná an phacáistíocht a oscailte faoi bhealach, agus ní fhéadtar an fhaisnéis a léamh in áiteanna poiblí.

2. Féadfaidh daoine d'fhoireann na Clárlainne ar mian leo faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL a sheoladh chuig suíomhanna eile san Aontas socrú a dhéanamh chun an fhaisnéis sin a sheoladh ar cheann de na modhanna seo a leanas:

(a) trí sheirbhísí náisiúnta poist a rianaíonn coinsíneachtaí nó trí sheirbhísí cúiréireachta tráchtála lena ráthaítear iompar de láimh go pearsanta, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 24 den Chinneadh seo;

(b) cúiréir míleata, rialtais nó taidhleoireachta, i gcomhordú le foireann Oifig na dTaifead.

3. Daoine den fhoireann ar mian leo faisnéis ar leibhéal SECRET UE/EU SECRET a sheoladh go dtí Ballstát eile den Aontas, caithfidh siad socrú a dhéanamh leis an Oifigeach Rialaithe Clárlainne, agus leis an oifigeach sin amháin, chun an fhaisnéis a iompar trí bhíthin cúiréir míleata, rialtais nó taidhleoireachta, agus ní fhéadfaidh siad an fhaisnéis a sheoladh trí sheirbhís poist ná trí chúiréir tráchtála.

4. Gach duine d'fhoireann na Cúirte iniúchóirí nó gach cúiréir oifigiúil a iompraíonn faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET, beidh deimhniú cúiréireachta ar iompar acu le haghaidh gach aon choinsíneachta. Is é an tOifigeach Rialaithe Clárlainne a eiseoidh an deimhniú, agus beidh sé luaite ar an deimhniú go bhfuil an t-iompróír údaraithe chun an choinsíneacht a iompar.

*Airteagal 23*

**Faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a iompar ó chríoch tríú tír nó chuici**

1. Féadfaidh daoine d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí nó daoine den fhoireann ón institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht tionscnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh faisnéis atá rúnaicmithe mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a iompar de láimh idir críoch an Aontais agus críoch tríú tír.

2. Féadfaidh foireann na Clárlainne socrú a dhéanamh d'iompar na faisnéise le cúiréir míleata nó taidhleoireachta.

3. Nuair a bhíonn doiciméid pháipéir nó meáin stórála inbhainte atá rúnaicmithe mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET á n-iompar de láimh, comhlíonfaidh na daoine den fhoireann na bearta breise go léir seo a leanas:

— Nuair a bhíonn siad ag taisteal ar chóras iompair phoiblí, cuirfear an fhaisnéis rúnaicmithe i mála cáipéisí í nó i mála a choimeádfar i seilbh phearsanta an iompróra. Ní chuirfear an mála sin san áit a gcoinnítear an bagáiste.

— Beidh séala oifigiúil ar shraith inmheánach na pacáistíochta chun a léiriú gur coinsíneacht oifigiúil í agus nach féidir seiceálacha slándála a dhéanamh uirthi.

— Beidh deimhniú cúiréireachta arna eisiúint ag an Oifigeach Rialaithe Clárlainne ag an iompróir, lena ndeimhnítear go bhfuil an t-údarú ag an iompróir an choinsíneacht CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a iompar.

*Airteagal 24*

**Iompar le cúiréirí tráchtála**

1. Le haghaidh an Chinnidh seo, áirítear le 'cúiréirí tráchtála' seirbhísí poist náisiúnta agus cuideachtaí cúiréireachta tráchtála a thairgeann seirbhís ina seachadtar faisnéis ar tháille agus ina ndéantar í a iompar de láimh nó ina ndéantar í a rianú.

2. Féadfaidh cúiréirí tráchtála faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL a iompar laistigh de Bhallstát de chuid an Aontais nó idir dhá Bhallstát. Féadfaidh cúiréirí tráchtála faisnéis ar leibhéal SECRET UE/EU SECRET a iompar laistigh de Bhallstát, ach ní fhéadfaidh siad iad a iompar thar lear.

3. Tabharfar treoir do sheirbhísí cúiréireachta tráchtála go gcaithfidh siad coinsíneachtaí CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a sheachadadh chuig an Oifigeach Rialaithe Clárlainne, agus chuige sin amháin, nó chuig ionadaí atá údaraithe go cuí chun an fhaisnéis a ghlacadh nó an chuig an bhfaighteoir atá beartaithe don fhaisnéis.

4. Féadfaidh cúiréirí tráchtála seirbhísí fochonraitheora a úsáid. Is ar an gcuideachta chúiréireachta, áfach, a bheidh an fhreagracht as an gCinneadh seo a chomhlíonadh.

*Airteagal 25*

**FRAE a ullmhú lena iompar ag seirbhísí cúiréireachta tráchtála**

1. Nuair a bhíonn coinsíneachtaí rúnaicmithe á n-ullmhú, cuirfidh an seoltóir san áireamh gur chuig an Oifigeach Rialaithe Clárlainne, agus chuige sin amháin, nó chuig ionadaí atá údaraithe go cuí chun an fhaisnéis a ghlacadh nó an chuig an bhfaighteoir atá beartaithe don fhaisnéis, a dhéanfar coinsíneachtaí CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a sheachadadh.

2. Coinsíneachtaí faisnéise a sheoltar trí sheirbhís cúiréireachta tráchtála formheasta, déanfar iad a ullmhú agus a phacáistiú mar seo a leanas:

(a) Cuirfear an fhaisnéis i gclúdach litreach teimhneach dúbailte (a mbeidh sé le haithint ar an gclúdach inmheánach má rinneadh iarracht ar bith é a oscailt) nó in ábhar pacála eile atá slán fónta.

(b) Beidh an leibhéal rúnaicmiúcháin marcáilte go soiléir ar an gclúdach inmheánach nó ar an tsraith inmheánach den phacáistíocht.

(c) Beidh an fhorphacáistíocht séalaithe agus ní bheidh aon mharcáil rúnaicmiúcháin uirthi.

(d) Beidh na clúdaigh inmheánacha agus sheachtracha, nó na sraitheanna inmheánacha agus seachtracha den phacáistíocht, dírithe go soiléir chuig duine aonair ainmnithe in eagraíocht an fhaighteora atá beartaithe agus beidh seoladh fillte ar na clúdaigh nó ar na sraitheanna den phacáistíocht.

(e) Cuirfear admháil chlárúcháin laistigh den chlúdach inmheánach nó de shraith inmheánach na pacáistíochta a bheidh le comhlánú agus le seoladh ar ais ag an bhfaighteoir. Ar an admháil chlárúcháin, nach mbeidh rúnaicmithe, tabharfar uimhir thagartha, dáta agus uimhir chóipe an doiciméid, ach ní fhéadfar ábhar na faisnéise a bheith luaite inti.

(f) Caithfidh admháil seachadta a bheith sa chlúdach seachtrach nó san fhorphacáistíocht. Ar an admháil seachadta, nach mbeidh rúnaicmithe, tabharfar uimhir thagartha, dáta agus uimhir chóipe an doiciméid, ach ní fhéadfar ábhar na faisnéise a bheith luaite inti.

(g) Caithfidh an tseirbhís cúiréireachta cruthúnas seachadta den choinsíneacht a fháil ar an taifead síniúcháin agus clárúcháin, agus an cruthúnas sin a sholáthar don seoltóir, nó caithfidh an cúiréir admhálacha nó uimhreacha pacáiste a fháil.

3. Sula seoltar coinsíneacht, comhaontóidh an seoltóir leis an bhfaightear ainmnithe cad é an dáta agus am atá oiriúnach don seachadadh.

4. Is é an seoltóir amháin a bheidh freagrach as aon choinsíneacht a sheoltar trí sheirbhís cúiréireachta tráchtála. Sa chás go dtéann coinsíneacht amú nó nach seachadtar in am í, cuirfidh an seoltóir é sin in iúl don OSF agus don Oifigeach Rialaithe Clárlainne, agus leanfaidh na hoifigigh sin suas an cheist slándála a bhaineann leis sin.

*Airteagal 26*

**Coinníollacha láimhseála sonracha eile**

1. Comhlíonfar aon choinníollacha iompair breise a bheidh leagtha amach i gcomhaontú um shlándáil faisnéise nó i socruithe riaracháin. Má bhíonn amhras ann, tá an fhoireann ceaptha dul i gcomhairle leis an OSF nó leis an Oifigeach Rialaithe Clárlainne.

2. Is féidir an ceanglas maidir le pacáistiú dúbailte a tharscaoileadh i gcás faisnéis rúnaicmithe atá faoi chosaint ag táirgí cripteagrafacha formheasta. Chun go bhféadfar seoladh a chur ar an bpacáistiú, áfach, agus toisc go bhfuil marcáil fhollasach rúnaicmithe slándála ar na meáin stórála inbhainte, déanfar na meáin a iompar i gclúdach litreach teimhneach séalaithe, ar a laghad, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearta cosanta fisiceacha breise, amhail clúdach litreach a bhfuil cumhdach bolgóideach ann.

*CAIBIDIL 4*

**CRUINNITHE RÚNAICMITHE**

*Airteagal 27*

**Ullmhúcháin do chruinniú CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET**

1. Is i seomra cruinnithe atá creidiúnaithe ar an leibhéal iomchuí nó níos airde, agus ina leithéid de sheomra amháin, a thionólfar cruinnithe ina bhfuil faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIEL nó SECRET UE/EU SECRET le plé. Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí úsáid a bhaint as seomraí cruinnithe sa Limistéar Daingnithe atá in institiúid eile de chuid an Aontais. I gcás nach mbeidh seomra cruinnithe den sórt sin ar fáil, lorgóidh an fhoireann comhairle ón OSF.

2. Mar riail ghinearálta, níl cláir ghnó na gcruinnithe le rúnaicmiú. Má luaitear doiciméid rúnaicmithe ar chlár gnó an chruinnithe, ní fhágann sé sin go ndéanfar an clár gnó féin a rúnaicmiú go huathoibríoch. Beidh na míreanna ar an gclár gnó curtha i bhfriotal a chinntíonn nach ndéanfar leasanna an Aontais, nó leasanna aon cheann de na Ballstáit, a chur i mbaol.

3. Cuirfidh an dream a bheidh ag eagrú an chruinnithe i gcuimhne do na rannpháirtithe nár cheart aon bharúlacha a sheolfar isteach maidir le mír CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET ar an gclár gnó a sheoladh le ríomhphost, nó trí mhodhanna eile nach bhfuil creidiúnaithe go hiomchuí i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chinneadh seo.

4. Féachfaidh an dream atá ag eagrú an chruinnithe le míreanna CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a chur i ndiaidh a chéile ar an gclár gnó d'fhonn dea-fheidhmiú an chruinnithe a éascú. Is iad na daoine a bhfuil riachtanas eolais acu agus a bhfuil imréiteach slándála ag an leibhéal cuí acu, agus iadsan amháin, a fhéadfaidh a bheith i láthair le linn an phlé ar mhíreanna rúnaicmithe.

5. Caithfear foláireamh a thabhairt roimh ré sna cuirí chuig cruinnithe go mbeidh topaicí rúnaicmithe ar an gclár gnó, agus go mbeidh feidhm ag na bearta slándála iomchuí.

6. Cuirfidh an dream a bheidh ag eagrú an chruinnithe i gcuimhne do na rannpháirtithe nach féidir feistí leictreonacha iniompartha a bheith tugtha isteach sa seomra cruinnithe le linn an phlé ar mhíreanna CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET.

7. Ullmhóidh an dream atá ag eagrú an chruinnithe liosta iomlán de rannpháirtithe roimh ré. I gcomhréir le hAirteagal 4(6) de Chinneadh Uimh. 41/2021, cuirfidh siad dáta agus am an chruinnithe, mar aon leis an ionad agus liosta de na rannpháirtithe, in iúl luath go maith don OSF.

*Airteagal 28*

**Rochtain na rannpháirtithe ar chruinniú CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET**

1. Cuirfidh an dream atá ag eagrú cruinniú in iúl do OSF agus don Oifigeach Rialaithe Clárlainne má tá aon chuairteoirí seachtracha le bheith ag freastal ar chruinniú CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET atá eagraithe ag an gCúirt Iniúchóirí.

2. Beidh ar na rannpháirtithe cruthúnas a thabhairt go bhfuil Imréiteach Slándála Pearsanra ar an leibhéal cuí acu chun go mbeidh siad in ann freastal ar phlé ar mhíreanna CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET den chlár gnó.

*Airteagal 29*

**Trealamh leictreonach i seomraí cruinnithe CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET**

Is córais TF atá creidiúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chinneadh seo, agus iad sin amháin, a fhéadfar a úsáid i gcás ina gcuirtear faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET in iúl, mar shampla le linn cur i láthair nó físchomhdhála.

*Airteagal 30*

**Nósanna imeachta atá le leanúint ag cruinniú CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET**

1. Ag tús an phlé ar ábhar rúnaicmithe, fógróidh an Cathaoirleach don chruinniú go bhfuil tús á chur le plé den sórt sin. Dúnfar na doirse.

2. Is é an líon riachtanach doiciméad, agus an líon sin amháin, a shíneofar amach agus a thabharfar do na rannpháirtithe agus do na hateangairí, de réir mar is iomchuí, ag tús an phlé.

3. Ní fhágfar doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET gan aon duine á bhfaire le linn aon sosanna sa chruinniú.

4. Ag deireadh an chruinnithe, meabhrófar do na rannpháirtithe agus do na hateangairí gan aon doiciméid rúnaicmithe ná aon nótaí rúnaicmithe a d'fhéadfadh a bheith déanta acu a fhágáil sa seomra gan aon duine á bhfaire. Aon doiciméad CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET nach mbeidh ag teastáil ó na rannpháirtithe ag deireadh an chruinnithe, agus gach doiciméad a bheidh in úsáid ag na hateangairí, síneofar isteach iad agus tabharfar ar ais don Oifigeach Rialaithe Clárlainne iad chun go scriosfar i stiallairí formheasta iad ([9]).

5. Déanfar nóta le linn an chruinnithe de liosta na rannpháirtithe agus d'aon fhaisnéis rúnaicmithe a roinntear leis na Ballstáit agus a eisítear ó bhéal do thríú tíortha nó d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, d'fhonn go ndéanfar an méid sin a thaifeadadh i dtoradh na n-imeachtaí.

*Airteagal 31*

**Ateangairí agus aistritheoirí**

1. Is ag ateangairí agus aistritheoirí a bhfuil imréiteach slándála acu agus atá údaraithe, ar ateangairí agus aistritheoirí iad atá faoi réir Rialacháin Foirne nó Coinníollacha Fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ([10]), nó a bhfuil nasc conarthach acu leis an gCúirt Iniúchóirí nó le hinstitiúid eile de chuid an Aontais, agus iadsan amháin, a mbeidh rochtain acu ar fhaisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET.

([9]) Féach Airteagal 42(6) chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

([10]) Rialachán Uimh. 31 (CEE) ina leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh an Chomhphobail Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Chomhphobail Eorpaigh agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/62) (ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/1962/31(1)/2023-01-01).

*CAIBIDIL 5*

**FAISNÉIS AR LEIBHÉAL CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL AGUS SECRET UE/EU SECRET A CHOMHROINNT AGUS A MHALARTÚ**

*Airteagal 32*

**Toiliú an tionscnóra**

Más rud é nach í an Chúirt Iniúchóirí tionscnóir na faisnéise rúnaicmithe arb inmhianaithe í a eisiúint nó a chomhroinnt, nó nach í tionscnóir an ábhair fhoinsigh a d'fhéadfadh a bheith inti í, iarrfaidh an roinn den Chúirt Iniúchóirí a bhfuil an fhaisnéis rúnaicmithe sin aici toiliú i scríbhinn ón tionscnóir ar dtús á rá go bhféadfar an fhaisnéis sin a eisiúint. Mura féidir an tionscnóir a shainaithint, déanfaidh an roinn den Chúirt Iniúchóirí a bhfuil an fhaisnéis rúnaicmithe sin aici rialú tionscnóra a fheidhmiú.

*Airteagal 33*

**Faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a chomhroinnt le heintitis eile de chuid an Aontais**

1. Ní fhéadfar faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a chomhroinnt le hinstitiúid, gníomhaireacht, comhlacht nó oifig eile de chuid an Aontais ach amháin má tá riachtanas eolais ag an bhfaighteoir agus má tá socrú dlíthiúil atá ag freagairt dó sin ag an eintiteas leis an gCúirt Iniúchóirí.

2. Laistigh den Chúirt Iniúchóirí, is í an Chlárlann FRAE, mar riail ghinearálta, a bheidh ina príomhphointe dul isteach agus imeachta do mhalartuithe faisnéise rúnaicmithe le hinstitiúidí, gníomhaireachtaí, comhlachtaí agus oifigí eile de chuid an Aontais.

*Airteagal 34*

**Faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a mhalartú le heintitis eile de chuid an Aontais**

1. Féadfar faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a chomhroinnt le Ballstáit má tá riachtanas eolais ag an bhfaighteoir agus má tá imréiteach slándála faighte aige.

2. Tabharfar an leibhéal céanna cosanta d'fhaisnéis rúnaicmithe na mBallstát, ar a bhfuil marcáil rúnaicmithe náisiúnta choibhéiseach ([11]) agus a cuireadh ar fáil don Chúirt Iniúchóirí, agus a thugtar d'fhaisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET.

*Airteagal 35*

**Faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a mhalartú le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

1. Ní dhéanfar faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a eisiúint do thríú tír ná d'eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin má tá riachtanas eolais ag an bhfaighteoir agus má tá creat dlíthiúil nó riaracháin iomchuí i bhfeidhm ag an tír nó ag an eagraíocht idirnáisiúnta, amhail comhaontú maidir le slándáil faisnéise nó socrú riaracháin leis an gCúirt Iniúchóirí. Beidh forlámhas ag forálacha atá i gcomhaontú nó socrú den sórt sin ar fhorálacha an Chinnidh seo.

2. Is í an Chlárlann le haghaidh FRAE, mar riail ghinearálta, a bheidh mar phríomhphointe isteach agus amach le haghaidh na faisnéise ar fad atá rúnaicmithe mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET agus a dhéantar a mhalartú idir an Chúirt Iniúchóirí agus tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

([11]) Tá tábla coibhéise le haghaidh marcálacha na mBallstát ar fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444.

3. Gach faisnéis rúnaicmithe a fhaightear ó thríú tír nó ó eagraíocht idirnáisiúnta, déanfar í a chlárú le haghaidh cúinsí slándála. Dá réir sin, rachaidh daoine den fhoireann i dteagmháil leis an gClárlann le haghaidh FRAE má fhaigheann siad faisnéis rúnaicmithe ar shlí éigin lasmuigh de ghnáth-thimthriall na clárlainne.

4. D'fhonn inrianaitheacht a áirithiú, déanfar faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a chlárú:

— nuair a thagann sí isteach sa Limistéar Daingnithe nó nuair a fhágann sí é; agus

— nuair a thagann sí isteach in CCF nó nuair a fhágann sí é.

5. Is féidir an fhaisnéis a chlárú ar pháipéar nó i logleabhair leictreonacha.

6. Féadfar nósanna imeachta clárúcháin le haghaidh láimhseáil faisnéis rúnaicmithe laistigh de CCF creidiúnaithe a dhéanamh trí phróisis laistigh den CCF féin. Sa chás sin, áireofar sa CCF bearta chun sláine na dtaifead logála a ráthú.

7. Tabharfar leibhéal cosanta d'fhaisnéis rúnaicmithe a fhaightear ó thríú tír nó ó eagraíocht idirnáisiúnta atá coibhéiseach le leibhéal cosanta FRAE, sa chás go mbíonn marcáil rúnaicmithe choibhéiseach ar an bhfaisnéis sin i gcomhréir leis an gcomhaontú nó socrú riaracháin ábhartha maidir le slándáil faisnéise.

*Airteagal 36*

**Faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a eisiúint go heisceachtúil ar bhonn *ad hoc***

1. I gcás ina gcinnfidh an Chúirt Iniúchóirí nó ceann dá ranna go bhfuil gá eisceachtúil le faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a eisiúint do thríú tír, eagraíocht idirnáisiúnta nó eintiteas de chuid an Aontais, ach nach bhfuil aon chomhaontú maidir le slándáil faisnéise nó socrú riaracháin i bhfeidhm, leanfar an nós imeachta chun faisnéis a eisiúint go heisceachtúil ar bhonn *ad hoc*.

2. Rachaidh ranna na Cúirte Iniúchóirí i dteagmháil leis an OSF agus leis an tionscnóir. Iarrfaidh an Chúirt Iniúchóirí comhairle ar cheann de na Páirtithe i gComhaontú maidir le Slándáil Faisnéise leis an tríú tír chéanna sin, leis an eagraíocht idirnáisiúnta chéanna sin nó leis an eintiteas céanna sin de chuid an Aontais.

3. Tar éis an chomhairliúcháin sin, féadfaidh Coláiste na Cúirte Iniúchóirí, ar bhonn togra ón Ardrúnaí, eisiúint na faisnéise lena mbaineann a údarú.

*CAIBIDIL 6*

**DEIREADH RÉ I gCÁS FAISNÉIS AR LEIBHÉAL CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL AGUS SECRET UE/EU SECRET**

*Airteagal 37*

**Nuair atá faisnéis le híosghrádú nó le scaoileadh ó rúnaicmiú**

1. Ní dhéanfar faisnéis a rúnaicmiú ach amháin ar feadh na tréimhse sin a mbeidh cosaint ag teastáil ina leith. Ciallaíonn 'íosghrádú' laghdú ar leibhéal an rúnaicmithe slándála. Ciallaíonn 'scaoileadh ó rúnaicmiú' nach measfar an fhaisnéis mar fhaisnéis rúnaicmithe a thuilleadh. Nuair a chruthófar é, léireoidh an tionscnóir, nuair is féidir, an féidir FRAE a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú ar dháta sonrach nó tar éis imeacht faoi leith. Mura ndéantar é sin, athbhreithneoidh an tionscnóir an fhaisnéis agus déanfaidh sé measúnú ar na rioscaí, gach 5 bliana ar a laghad, d'fhonn a chinneadh an bhfuil an leibhéal rúnaicmiúcháin bunaidh fós iomchuí.

2. Féadfar doiciméid na Cúirte Iniúchóirí a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú freisin ar bhonn *ad hoc*, mar shampla tar éis iarraidh ar rochtain ón bpobal.

*Airteagal 38*

**An fhreagracht as íosghrádú nó scaoileadh ó rúnaicmiú**

1. Ní dhéanfar faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a íosghrádú ná a scaoileadh ó rúnaicmiú gan cead a fháil ón tionscnóir.

2. Beidh roinn na Cúirte Iniúchóirí a chruthaigh doiciméad rúnaicmithe freagrach as a chinneadh an féidir é a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú. Ag an gCúirt Iniúchóirí, beidh gach iarraidh chun faisnéis a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú faoi réir comhairliúcháin le Ceann Roinne nó Stiúrthóir na roinne tionscnaimh, nó leis an gCeann Cúraim. Má tá faisnéis rúnaicmithe ó fhoinsí éagsúla tiomsaithe ag an roinn, iarrfaidh sí toiliú ar dtús ó aon pháirtithe eile a chuir ábhar foinseach ar fáil, lena n-áirítear páirtithe ó Bhallstáit, comhlachtaí eile de chuid an Aontais, tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

3. I gcás nach ann a thuilleadh don roinn tionscnaimh sa Chúirt Iniúchóirí agus go bhfuil a freagrachtaí aistrithe go dtí roinn eile, is í an roinn sin a dhéanfaidh an cinneadh maidir le híosghrádú nó le scaoileadh ó rúnaicmiú. I gcás nach ann don roinn tionscnaimh a thuilleadh agus nach bhfuil a freagrachtaí aistrithe go dtí roinn eile, is iad stiúrthóirí na Cúirte Iniúchóirí, i gcomhpháirt le chéile, a dhéanfaidh an cinneadh maidir le híosghrádú nó le scaoileadh ó rúnaicmiú.

4. An roinn atá freagrach as íosghrádú nó scaoileadh ó rúnaicmiú, oibreoidh sí leis an gClárlann le haghaidh FRAE i ndáil leis na socruithe praiticiúla don íosghrádú nó don scaoileadh ó rúnaicmiú.

*Airteagal 39*

**Faisnéis íogair nach bhfuil rúnaicmithe**

I gcás ina ndéanfar cinneadh faisnéis a scaoileadh ó rúnaicmiú mar thoradh ar athbhreithniú ar dhoiciméad, breithneofar ar cheart an doiciméad a mharcáil mar fhaisnéis íogair nach bhfuil rúnaicmithe de réir bhrí phointe 16 de bheartas rúnaicmithe faisnéise na Cúirte Iniúchóirí ([12]) agus de réir bhrí phointe 4 de na Treoirlínte maidir le faisnéis AE nach bhfuil rúnaicmithe a rúnaicmiú agus a láimhseáil.

*Airteagal 40*

**An chaoi lena léiriú go ndearnadh doiciméad a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú**

1. Cuirfear líne go feiceálach tríd an marcáil rúnaicmithe bhunaidh ag barr agus ag bun gach leathanaigh (ach gan an mharcáil féin a bhaint amach) trí úsáid a bhaint as an bhfeidhm 'cuir líne trí' i gcás formáidí leictreonacha, nó de láimh i gcás doiciméid atá priontáilte.

2. Cuirfear stampa ar an gcéad leathanach (clúdach) ag tabhairt le fios go bhfuil an doiciméad íosghrádaithe nó scaoilte ó rúnaicmiú agus líonfar isteach na mionsonraí ag insint cén t-údarás atá freagrach as an íosghrádú nó as an scaoileadh ó rúnaicmiú agus cén dáta a ndearnadh an t-íosghrádú nó an scaoileadh ó rúnaicmiú.

3. Cuirfear faighteoirí bunaidh na faisnéise ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET ar an eolas faoin íosghrádú nó faoin scaoileadh ó rúnaicmiú. Beidh na faighteoirí tosaigh freagrach as scéala a chur chuig aon seolaithe ina dhiaidh sin ar sheol siad an leagan bunaidh nó cóip den fhaisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET chucu.

4. Tabharfar fógra do Sheirbhís Cartlainne na Cúirte Iniúchóirí faoi gach cinneadh maidir le scaoileadh ó rúnaicmiú a rinneadh.

5. Beidh gach aistriúchán ar fhaisnéis rúnaicmithe faoi réir na nósanna imeachta céanna maidir le híosghrádú nó le scaoileadh ó rúnaicmiú agus atá ag an leagan sa bhunteanga.

([12]) Ar fáil ag: https://www.eca.europa.eu/ga/legal-framework.

*Airteagal 41*

**Faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a íosghrádú go páirteach nó a scaoileadh ó rúnaicmiú go páirteach**

1. Féadfar íosghrádú nó scaoileadh ó rúnaicmiú a dhéanamh go páirteach freisin (e.g. iarscríbhinní, roinnt míreanna ar leith). Is é an nós imeachta céanna a bheidh ann agus atá leis an nós imeachta chun doiciméad iomlán íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú.

2. Sa chás go ndéantar faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a scaoileadh ó rúnaicmiú go páirteach, déanfar sliocht atá scaoilte ó rúnaicmiú a chur ar fáil.

3. Sa sliocht atá scaoilte ó rúnaicmiú, cuirfear an méid seo a leanas in ionad na gcodanna atá fós rúnaicmithe:

| CUID NACH BHFUIL LE SCAOILEADH Ó RÚNAICMIÚ |
|---|

Beidh sé sin i gcorp an téacs, má tá an chuid atá fós rúnaicmithe mar chuid de mhír, nó is paragraf ar leith a bheidh ann, má tá paragraf iomlán amháin nó roinnt paragraf iomlán sa chuid a fhanann rúnaicmithe.

4. Déanfar tagairt shonrach sa téacs mura féidir iarscríbhinn iomlán a scaoileadh ó rúnaicmiú agus, dá bhrí sin, gur coinníodh siar ón sliocht í.

*Airteagal 42*

**Gnáthdhíothú agus gnáthscriosadh ar fhaisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET**

1. Ní dhéanfaidh an Chúirt Iniúchóirí méideanna móra d'fhaisnéis rúnaicmithe a charnadh.

2. Déanfaidh ranna tionscnaimh athbhreithniú ar dhoiciméid gach 5 bliana, ar a laghad, lena mheas an bhfuil siad le díothú nó le scriosadh. Beidh feidhm aige sin maidir le faisnéis atá stóráilte ar pháipéar agus ar fhaisnéis atá stóráilte sa CCF, agus déanfar ag eatraimh rialta é.

3. Ní dhéanfaidh daoine den fhoireann aon chóip chrua de dhoiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET nach bhfuil gá leo a thuilleadh a dhíothú, ach is amhlaidh go n-iarrfaidh siad ar an Oifigeach Rialaithe Clárlainne na doiciméid a scriosadh, faoi réir aon cheanglas cartlannaithe atá ann don bhundoiciméad.

4. Ní bheidh ar dhaoine den fhoireann an tionscnóir a chur ar an eolas má scriosann siad cóipeanna de dhoiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET.

5. Beidh dréacht-ábhar ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe faoi réir na modhanna diúscartha céanna le doiciméid rúnaicmithe chríochnaithe.

6. Is stiallairí formheasta, agus iad sin amháin, a úsáidfear chun doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a dhíothú. Tá stiallairí ar Leibhéal 5 de DIN 66399 oiriúnach chun doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL a dhíothú. Tá stiallairí Leibhéal 6 de DIN 66399 oiriúnach chun doiciméid SECRET UE/EU SECRET a dhíothú.

7. Is féidir an stiallra ó stiallairí formheasta a dhiúscairt mar ghnáthdhramhaíl oifige.

8. Cruthóidh an tOifigeach Rialaithe Clárlainne deimhniú den díothú agus déanfaidh sé logleabhair agus aon fhaisnéis chlárúcháin eile a nuashonrú dá réir.

9. Déanfar gach meán agus gach feiste ina bhfuil faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a ghlanadh suas go cuí nuair a shroichfidh siad deireadh a saolré. Déanfar sonraí leictreonacha a dhíothú nó a ghlanadh ó acmhainní TF agus ó na meáin stórála ghaolmhara ar bhealach a thugann dearbhú réasúnach nach féidir an fhaisnéis a aisghabháil. Is éard a bheidh i gceist leis an nglanadh suas ná na sonraí go léir a bhaint den fheiste stórála, chomh maith leis na lipéid, marcálacha agus logaí gníomhaíochta go léir.

10. Tar éis an tOifigeach Rialaithe Clárlainne a chur ar an eolas, tabharfar meáin stórála ríomhaireachta don OSF lena ndíothú agus lena ndiúscairt.

*Airteagal 43*

**Faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a thabhairt amach as an bhfoirgneamh agus a dhíothú i gcás éigeandála**

1. I gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana idir an Chúirt Iniúchóirí agus an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil sa Choimisiún maidir le húsáid Limistéir Dhaingnithe an Choimisiúin, beidh feidhm ag an nós imeachta éigeandála atá leagtha síos sa Choimisiún le haghaidh faisnéis rúnaicmithe a choimirciú. Más gá, beidh rochtain ag Oifigeach Slándála Áitiúil Ardstiúrthóireacht an Choimisiúin i Lucsamburg ar thaisceán na Cúirte Iniúchóirí chun an nós imeachta éigeandála atá leagtha síos sa Choimisiún a chur i bhfeidhm agus chun aon phleananna maidir le tabhairt amach as an bhfoirgneamh agus díothú a ghníomhachtú atá ann chun cosaint a thabhairt do FRAE a bhfuil baol suntasach ann le linn géarchéime go bhfaigheadh daoine neamhúdaraithe an fhaisnéis sin. In ord tosaíochta, agus ag brath ar nádúr na héigeandála, tabharfar aird ar na nithe seo a leanas:

(i) FRAE a bhogadh go dtí áit shábháilte eile, agus, más féidir, chuig Limistéar Daingnithe san fhoirgneamh céanna;

(ii) FRAE a thabhairt amach as an bhfoirgneamh go dtí áit shábháilte eile, agus, más féidir, chuig Limistéar Daingnithe i bhfoirgneamh eile, agus b'fhearr dá mba in institiúid de chuid an Aontais é;

(iii) FRAE a dhíothú, trí úsáid a bhaint as an modh díothaithe formheasta i gcás inar féidir.

2. Má dhéantar pleananna éigeandála a ghníomhachtú, tabharfar tús áite don fhaisnéis SECRET UE/EU SECRET a bhogadh nó a dhíothú ar dtús, agus ansin déileálfar le faisnéis CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL.

3. Déanfar mionsonraí oibríochtúla na bpleananna éigeandála féin do thabhairt amach na ndoiciméad agus don díothú a rúnaicmiú mar RESTREINT UE/EU RESTRICTED. Coinneofar cóip i ngach aon taisceán a úsáidtear chun faisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET a stóráil ionas go mbeidh rochtain ar an gcóip sin i gcás éigeandála.

*Airteagal 44*

**Cartlannú**

1. Beidh cinntí maidir le cibé a dhéanfar cartlannú agus cathain a dhéanfar é, chomh maith leis na bearta praiticiúla comhfhreagracha a bheidh le glacadh, i gcomhréir le beartas slándála faisnéise, beartas maidir le rúnaicmiú faisnéise agus beartas cartlainne na Cúirte Iniúchóirí.

2. Ní fhéadtar doiciméid CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL agus SECRET UE/EU SECRET a sheoladh chuig Cartlann Stairiúil an Aontais Eorpaigh i bhFlórans.

*CAIBIDIL 7*

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 45*

**Trédhearcacht**

Déanfar an Cinneadh seo a thabhairt ar aire fhoireann na Cúirte Iniúchóirí agus gach uile dhuine aonair eile a bhfuil feidhm ag an gCinneadh seo maidir leo, agus foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

*Airteagal 46*

**Teacht i bhfeidhm**

Tar éis don Choiste Riaracháin an Cinneadh seo a ghlacadh, tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 19 Márta 2024.

*Thar ceann an Choiste Riaracháin sa Chúirt Iniúchóirí*
Tony MURPHY
*An tUachtarán*

*IARSCRÍBHINN*

**Catagóirí daoine den fhoireann a bhféadfadh rochtain a bheith acu ar fhaisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET más gá é sin chun a gcúraimí gairmiúla a dhéanamh**

| Catagóirí de phearsanra na Cúirte Iniúchóirí | Rochtain ar fhaisnéis ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó SECRET UE/EU SECRET | Coinníollacha |
|---|---|---|
| Comhaltaí | Tá | Faisnéisiú + admháil |
| Oifigigh | Tá | Grinnfhiosrú + faisnéisiú + admháil + údarú + riachtanas eolais |
| Gníomhairí sealadacha | Tá | Grinnfhiosrú + faisnéisiú + admháil + údarú + riachtanas eolais |
| Gníomhairí ar conradh | Tá | Grinnfhiosrú + faisnéisiú + admháil + údarú + riachtanas eolais |
| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht ó Bhallstáit an Aontais | Tá | Sa chás amháin go bhfuil sé sin ceadaithe ag an mBallstát tionscnaimh sula dtéann na saineolaithe i mbun cúraim sa Chúirt Iniúchóirí + faisnéisithe ag an gCúirt Iniúchóirí + údaraithe ag an gCúirt Iniúchóirí + riachtanas eolais |
| Oiliúnaithe | Níl | Ní féidir eisceachtaí a dhéanamh |
| Aon chatagóir eile den fhoireann (daoine atá fostaithe ar bhonn eatramhach, fostaithe seachtracha atá ag obair *intra muros*, etc.) | Níl | Ní féidir eisceachtaí a dhéanamh |